19 Eanáir 2019 – Athbhreithniú Deireadh Bliana ar Chásobair an Bhoird Pleanála

D'fhoilsigh An Bord Pleanála réamhachoimre dheireadh bliana ar staitisticí cásoibre don bhliain 2018. Seo a leanas na buaicphointí:

- Ardaíodh méid iomlán na gcásanna a tógadh isteach faoi 6% go 2,734 in 2018 i gcomparáid le 2,570 in 2017.
- Ardaíodh méid iomlán na gcásanna a rinneadh cinneadh orthu faoi 32% go 2,829 in 2018 i gcomparáid le 2,143 in 2017.
- Fuarthas 52 iarratas bailí d'fhorbairtí straitéiseacha tithíochta idir 2017 agus 2018 agus rinneadh cinneadh ar 39 díobh in am, deonaíodh 27 n-iarratas agus tugadh cead do 7,102 aonad cónaithe agus 4,479 spás leapa do mhic léinn.

Cásobair agus Feidhmíocht Phleanála

Bhí treocht in airde ann in 2018 maidir le méid na gcásanna a tógadh isteach agus a rinneadh cinneadh orthu (Figiúr 1). Ardaíodh méid iomlán na gcásanna a tógadh isteach faoi 6% go 2,734 in 2018 i gcomparáid le 2,570 in 2017. Rinneadh cinneadh ar 2,829 gcás san iomlán in 2018 (2,143 in 2017).

Maidir le hachomhairc phleanála, tháinig laghdú ar an ráta comhlíonta a bhaineann le cuspóirí reachtúla ama de 18 seachtaine ó 64% in 2017 go 38% - rud a léiríonn go bhfuil An Bord Pleanála ag plé le riaráiste a d'fhás thar an mbliain roimhe sin.

"*Glactar go raibh tionchar ag tabhairt isteach an chórais IT nua (Plean-IT), méadú sa chásobair reatha agus méid laghdaithe na mball Boird ar ábaltacht agus feidhmíocht an Bhoird cuspóirí reachtúla ama de 18 seachtaine a chomhlíonadh maidir le hachomhairc phleanála, ach tá dul chun cinn déanta againn le míonna beaga anuas chun go rachaimid i bhfeabhais*," arsa Cathaoirleach an Bhoird Pleanála Dave Walsh.

"In 2018, tháinig méadú de 32% ar líon na gcásanna ar rinneadh cinntí orthu i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus rinneadh cinntí ar thar 2,800 cás. Rinneadh cinntí ar 600 cás i Mí na Samhna agus Mí na Nollag amháin (méadú de 35% i comparáid leis na míonna céanna in 2017) agus tháinig laghdú ar líon na gcásanna idir lámha faoi níos mó ná 300 cás ó 1,355 go díreach thar 1,000 comhad cáis faoi láthair."

Thosaigh baill bhoird nua sa Bhord Pleanála le linn 2017 agus 2018 agus tá deichniúr ar an mBord faoi láthair.

Achomhairc Phleanála

Bhí achomhairc phleanála ina gcúis le 74% de na cásanna a tháinig isteach in 2018 (2,028 gcás). Tagann na hachomhairc seo chun cinn ó chinntí na n-údarás pleanála ar iarratais ar chead pleanála.

Bhain 64% de na hachomhairc le forbairt chónaithe ina mbíonn réimse leathan forbartha ó fheabhsúcháin tí go tograí cóiríochta d'aonad amháin nó níos mó (Figiúr 4). Rinneadh cinntí ar 2,151 achomharc in 2018, a bhí mar mhéadú ar 1,743 achomharc in 2017. Bhí an spriocráta comhlíonta ag 38% in 2018, a bhí níos lú ná an bhliain roimhe ach tháinig feabhas air sin le linn mhí na Nollag agus tháinig méadú go 48% air. Thóg sé 22 sheachtain ar an meán chun cinneadh a dhéanamh ar achomhairc phleanála.

Leag An Bord Pleanála sprioc amach go ndéanfar cinntí ar 80% d'achomhairc laistigh den cuspóir reachtúla ama de 18 seachtaine faoin gceathrú ráithe de 2019 tar éis don Bhord an chuid is mó den riaráiste cásanna a ghlanadh le linn na chéad leithe den bhliain seo.

Forbairt Straitéiseach Tithíochta

De bharr reachtaíochta nua a chuaigh i bhfeidhm i Mí Iúil 2017, cuirtear iarratais ar chead pleanála maidir le forbairtí straitéiseacha tithíochta (100+ aonad cónaithe, 200+ spás leapa do mhic léinn agus cóiríocht chomhroinnte) díreach chuig an mBord Pleanála. Fuarthas 52 iarratas bhailí ar fhorbairtí straitéiseacha tithíochta faoi mhí na Nollag 2018.

Rinneadh cinntí ar 39 n-iarratas in 2018 agus deonaíodh cead do 27 gcás a chuimsíonn 7,102 aonad chónaithe (3,284 theach agus 3,818 n-árasán) agus 4,479 spás leapa do mhic léinn. Cloíodh le sprioctheréimhse de 16 seachtaine maidir leis na cinntí iomlán a rinneadh.

Mar a dúirt Dave Walsh freisin: "*Tá feidhmíocht an Bhoird Pleanála tar éis a bheith an-láidir maidir le Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta mar a fheictear sna 39 gcás ar a rinneadh cinntí le linn 2018, agus rinneadh go léir iad laistigh den sprioctheréimhse de 16 seachtaine. Táimid ag súil le méadú mór i líon na n-iarratas tithíochta in 2019, agus leanfaimid ar aghaidh na cásanna seo a chur chun tosaigh agus rachaimid i ngleic le haon achomharc tithíochta mór go tapa.*"

Déanfar cinntí ar 21 iarratas ar fhorbairtí straitéiseacha tithíochta thar na 3 nó 4 mhí seo chugainn.

Forbairt Straitéiseach Bonneagair

De bharr fheidhmiú fhorálacha reachtaíochta in 2007 a cheadaíonn go gcuirtear iarratais ar fhorbairtí straitéiseacha bonneagair díreach chuig an mBord Pleanála, cuireadh 111 iarratas isteach san iomlán. Le linn 2018, rinneadh cinntí ar 14 chás agus bhí roinnt tionscadal mór san áireamh.

Bhí an ráta comhlíonta maidir leis an cuspóir reachtúla ama a bhaineann leis an gcatagóir seo ag 36%, rud a léiríonn castacht na gcásanna agus am breise a bhíonn ag teastáil go minic chun éisteachtaí a chur ar siúl agus chun eolas breise a phlé.

Dar leis an Uasal Walsh: "*Mar réiteach ar an méadú féideartha atá le teacht maidir le hiarratais ar fhorbairtí straitéiseacha bonneagair sa bhliain seo agus mar atá feidhmiú an Chreata Náisiúnta Pleanála ag luathú, tá athbhreithniú á cur ar siúl ag an mBord Pleanála maidir le próisis straitéiseacha bonneagair. San áireamh ansin tá comhairliúcháin réamhiarratais, foghlaim agus forbairt a dhéanamh ar ár dtaithí agus taithí na rannpháirtithe san am atá thart agus bealaí a aithint chun na próisis a dhéanamh níos éifeachtaí, chomh maith le bheith cinnte go bhfuil ár ngnó á déanamh chomh éifeachtúil agus is féidir chun go ndéanfar cinntí go daingean agus go tapa.*"

Tuarascáil Chásobair Phleanála

Figiúr 1: Cásanna a cuireadh isteach agus a cuireadh de láimh (Cinnte) 2014 - 2018



Figiúr 2

Na cásanna pleanála go léir a cuireadh – 2017 v 2018



Figiúr 3

Cásanna Pleanála go Léir – Curtha de Láimh 2017 v 2018



Figiúr 4

Gnáthachomhairc Phleanála de réir Chineál Forbartha a Fuarthas in 2018